# Ealaín na hArdteistiméireachta

## Fáilte ar ais go Seisiún 2



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Le linn Sheisiún 2, déanfaimid na nithe seo a leanas…

Scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach an scoláire trí cheistiú éifeachtach

Ceistiú le haghaidh measúnaithe a fhiosrú

Straitéisí a iniúchadh chun anailís a dhéanamh ar shaothair ealaíne/ ar dhéantáin a chabhródh le rannpháirtíocht san Amharcstáidéir

# Measúnú chun Foghlama

Oide

*Is éard atá i gceist le measúnú ná léargas a fhobairt le himeacht ama de dhul chun cinn foghlama an scoláire ar gach réimse den churaclam. Is éard is measúnú ann an proiseas maidir le faisnéis faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil scoláire in eolas, i scileanna agus i ndearcthaí a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid, agus a thuairisciú.*
*(CNCM, 2008)*


Measúnú Foirmitheach – Measúnú ar an bhFoghlaim
Baineann an múinteoir úsáid as fianaise ar bhonn leanúnach chun eolas a dhéanamh do theagasc agus foghlaim.

Measúnú Suimitheach – Measúnú ar an bhFoghlaim
Baineann an múinteoir úsáid as faisnéis ó mheasúnú suimitheach don tuairisciú, go háirithe do thuismitheoirí agus múinteoirí eile.

Curtha in oiriúint ó Siobhan Leahy & Dylan Wiliam

# Measúnú chun Foghlama

*Is éard atá i gceist le measú ... le himeacht ama d... hul chun cinn foghlama an scoláire ar ... ard i ... nú ann an proiseas maidir le faisnéis faoi ... il scoláire in eolas, i scileanna agus i ndearcthaí a ... úid, agus a thuairisciú.*
*(CNCM, 2008)*




Measúnú Foirmit...
Baineann an múi ... un eolas a dhéanamh do theagasc agus fog...

Measúnú Suimithea...
Baineann an múinteo ... itheach don tuairisciú, go háirithe do thuismitheoi...

Curtha in oiriúint ó Siobhan Leahy & Dylan Wiliam

# Ceistiú Éifeachtach

- spéis, dúshlán a thabhairt nó teigh i ngleic
- réamheolas agus réamhthuiscint a mheas
- tuiscint atá ann faoi láthair a spreagadh chun tuiscint nua a chruthú
- díriú ar smaoineamh a dhéanamh ar príomhchoincheapanna
- smaointeoireacht foghlaimeoirí a leathnú agus a dhoimhniú
- smaointeoireacht foghlaimeoirí a chur chun- cinn maidir leis an mbealach a bhfoghlaimíonn siad

Diriú ar Fhoghlaim Cheistú Éifeachtach CNCM, l. 6


# Ceistiú Éifeachtach

Cad iad na huirlisí ar féidir úsáid a bhaint astu chun ceisteanna níos éifeachtaí a chruthú ar mhaithe le tacú leis an bhfoghlaim sa seomra ranga?

Aguisín

Gluais de bhriathra gnímh

| Briathar | Cur Síos |
|---|---|
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Anótáil | nótaí gairide mínithe a chur le léaráid nó le graf |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Tabhair breithmheas | píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| Meas | ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt |
| Argóin | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| Cuir in iúl | smaoineamh nó mothúchán a léiriú go soiléir agus go cumasach |
| Ríomh | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| Gabh | rud a léiriú nó a thaifeadadh i bhformáid bhuan |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Bailigh | faisnéis ghaolmhar a thabhairt le chéile le haghaidh comparáid chriticiúil, taighde nó le húsáid chun bailiúchán saothar nó smaointe a chruthú |
| Trácht | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| Cuir in iúl (le cumarsáid) | comharthaí amhairc-ghothacha, comharthaí béil nó comharthaí eile a úsáid chun brí a roinnt nó chun faisnéis a mhalartú. Idirghníomhú idir an seoltóir agus an faighteoir; oibríonn an bheirt le chéile le go mbainfear tuiscint amach |




Curtha in oiriúint ó Dhíriú ar Fhoghlaim Ceistiú Éifeachtach, CNCM Sonraíocht Ealaíne na hArdteistiméireachta, l. 34-38

# Gnéithe an Chreata Amharcstaidéir

| Gné | Cur Síos |
|---|---|
| **Comhthéacs** | Seo faisnéis a insíonn tuilleadh faoi na tosca a bhaineann le tréimhse, gluaiseacht, ealaíontóir, saothar, saothair ghaolmhara, iarsma/í, suíomh, imeacht, ráiteas nó smaoineamh, agus a mhíníonn é ar bhealach níos mionsonraithe.<br><br>Ba cheart a áireamh leis sin, nuair is ábhartha, comhthéacsanna stairiúla, polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus idé-eolacha na linne. Ba cheart don scoláire smaoineamh ar an gcaoi a dtugann siad sin bonn eolais don bhrí a bhaineann sé as saothar ealaíne agus an chaoi a mbíonn tionchar ag comhthéacsanna ar an léirthuiscint a bhíonn ag daoine d'ealaíontóirí agus d'fhiúntas a saothair. Ba cheart don scoláire foghlaim le saothair ealaíne a shainaithint, staidéar a dhéanamh orthu agus iad a thuiscint ar bhealaí atá nádúrtha dó féin.<br><br>Nuair a thuigtear comhthéacs na tréimhse/gluaiseachta ar a bhfuil staidéar á dhéanamh, tá sé tábhachtach freisin go mbreathnódh an scoláire ar an gcaoi a gcuireann pátrúin agus gníomhaireachtaí ealaín agus ealaíontóirí, idir shean agus nua, chun cinn. Cabhróidh sé sin leis an scoláire tuiscint a fháil ar conas agus cén fáth a raibh an oiread sin de thóir ar an saothar, cén fáth a bhfuil saothair ealaíne luachmhar, cén fáth a ndéantar coimeádaíocht ar roinnt saothar i gcomhair taispeántais agus an chaoi a mbíonn tionchar aige sin ansin ar an gcaoi a bhféachtar ar an saothar.<br><br>Ba cheart don scoláire staidéar a dhéanamh freisin ar raon samplaí eile saothar a léiríonn an cultúr amhairc a bhí i réim timpeall ar a réimse/réimsí staidéir roghnaithe. Mar shampla, agus ní liosta cuimsitheach é seo, ailtireacht, tírdhreach agus dearadh uirbeach/tuaithe, scannán, fógraíocht, meáin nua, dearadh UX le haghaidh suíomhanna gréasáin nó aipeanna, mínealaín, ceardaíocht, dearadh, grianghrafadóireacht, faisean agus neart eile. |

# Gnéithe an Chreata Amharcstaidéir

Oide

Smaoinigh ar na 5 Ghné den Chreat atá fághta

Agus sibh ag bhur gcuid bord, déanaigí plé ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as an teanga chun ceisteanna a chruthú i dtreo eolas agus tuiscint na scoláirí a mheas

Leag béim ar an bpríomhfhoghlaim

# Rannóg Fócais: Domhan an Lae Inniu

Oide

| Rannóg Fócais | Cur Síos |
|---|---|
| **An ealaín agus an timpeallacht** | Aithníonn an rannóg fócais seo an tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht d'ealaíontóirí agus an chaoi ar féidir léi a bheith mar phríomhfhoinse inspioráide dóibh agus gur féidir leo í a úsáid mar mheán ina ceart féin. Aithnítear ann freisin go bhfuil a dtimpeallacht áitiúil féin thart timpeall ar scoláirí, rud is féidir a bheith ina fhoinse inspioráide freisin. Áirítear leis *An ealaín agus an timpeallacht* raon cleachtais ealaíonta ina gcuimsítear cur síos stairiúil agus cuir chuige stairiúla i leith an dúlra san ealaín. Chonacthas le forbairtí a rinneadh níos déanaí saothar ealaíne comhshaoil a théann i ngleic le ceisteanna sóisialta agus polaitiúla, inar féidir úsáid na timpeallachta féin a áireamh mar an meán agus/nó an teachtaireacht. Léirítear leis an gcaoi a n-úsáideann an t-ealaíontóir nó a bhfreagraíonn sé don timpeallacht chomh leochaileach is atá sé do cheisteanna amhail caomhnú na hoidhreachta tógtha, caomhnú shaol cultúrtha mhuintir na háite, caomhnú na héiceolaíocht agus an dúlra, etc., agus aithnítear tábhacht an chaomhnaithe do théamaí féiniúlachta.<br><br>Agus úsáid á baint as an gCreat Amharcstaidéir, is féidir an timpeallacht a fhiosrú mar acmhainn ina bhfeictear ealaíontóirí ag saothrú go minic ar na saintréithe ar leith nach mbaineann ach leis an timpeallacht sin agus a fheabhsaíonn í ar bhealach éigin nó a dhéanann trácht uirthi. Tá Ailtireacht, Ealaín Talún agus an tírdhreach féin, Ealaín Sráide, Ealaín Phoiblí, Dearadh Comhshaoil, dearadh uirbeach/tuaithe, ceisteanna agus tuairimí maidir le hOideachas d'Fhorbairt Inbhuanaithe, an Tomhaltóir/Dearadh Táirge, Dearadh Intí agus fiú Timpeallachtaí Ar Líne i measc roinnt de na foinsí saibhre le haghaidh taighde agus staidéar amhairc sa rannóg fócais seo. |

# Rannóg Fócais: Domhan an Lae Inniu


Oide

Smaoinigh ar na 3 Rannóg Fócais atá fághta

Agus sibh ag bhur gcuid bord, déanaigí plé ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as an teanga chun ceisteanna a chruthú i dtreo eolas agus tuiscint na scoláirí a mheas

Leag béim ar an bpríomhfhoghlaim

# Ceistiú Éifeachtach






Gníomhaíocht:

1. Cruthaigh réimse cothromaithe do chineálacha ceisteanna don Réimse Inneachair a tugadh duit, ag úsáid na faisnéise a fuarthas sna gníomhaíochtaí roimhe seo

2. Déan do chuid oibre a bhreacadh síos ar an bpáipéar A2 a tugadh

# Eagraí Grafach




Ba cheart don scoláire tagairt a dhéanamh do Ghnéithe an Chreata Amharcstaidéir (Comhthéacs, Ealaíontóirí agus Saothair Ealaíne, Anailís, Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha, Meáin agus Réimsí Cleachtais, Nuálaíocht agus Aireagán) agus staidéar á dhéanamh ar Réimse Ábhair 3.
*Sonraíocht Ealaín na hArdteistiméireachta, l. 29*

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Saothar Ealaíne/ Déantán a Anailísiú

Cén cur chuige atá in úsáid agat faoi láthair sa seomra ranga ealaíne agus tú ag déanamh anailíse ar shaothar ealaíne/ ar dhéantán?



# Smaointeoireacht Chriticiúil agus Chruthaitheach

Oide





| Gné | Míniú |
|---|---|
| **Anailís** | Is ionann saothar ealaíne a anailísiú agus é a cheistiú. An chéad cheist a d'fhéadfaí a chur is ea, "Céard atá ag tarlú sa saothar ealaíne seo?" In iarracht freagra a thabhairt ar an gcéad cheist seo sainaithneoidh an scoláire saintréithe an tsaothair ealaíne bunaithe ar chritéir ar nós: brí, topaicí, móitífeanna, stíleanna, ábhair agus teicnící a úsáideadh, dath, líne, cineálacha cur i láthair, srl. Ach na saintréithe sin a shainaithint, féachfaidh an scoláire ar an saothar ealaíne agus déanfaidh sé cur síos air. Tá sé ag bailiú fianaise chun ceist eile a fhreagairt "Céard a fheicim a thacaíonn lena bhfuil feicthe agam/le mo chur síos?". Ba cheart don scoláire an fhianaise sin a cheangal le foinsí eile faisnéise, agus tacaíocht acu trí ghnéithe an Chreata Amharcstaidéir. … |

Curtha in oiriúint ó Lucas, Claxton agus Spencer, 2013

# Smaointeoireacht Chriticiúil agus Chruthaitheach

Oide


Oide

## Straitéisí Amharcsmaointeoireachta (VTS)

Is cur chuige follasach é Straitéisí Amharcsmaointeoireachta (VTS) chun féachaint ar shaothar ealaíne, chomhfhorbairt ag Siceolaí Cognaíoch Harvard Abigail Housen agus ag iar-Stiúrthóir Oideachais ag MOMA Philip Yenawine. Cuirtear tús leis an modheolaíocht teagaisc seo trí phlé éascaithe a dhéanamh ar íomhánna agus cruthaíonn sí foghlaimeoirí a smaoineoidh go domhain agus tacaíonn sí leo. Tá sé an-éifeachtach nuair a chuirtear iliomad deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí a gcuid scileanna amhairc a chleachtadh agus a chur in iúl. Tá fianaise ann go dtacaíonn VTS le litearthacht teanga labhartha agus scríofa, litearthacht amhairc, agus go gcothaíonn sé caidreamh comhoibríoch i measc piaraí.

Trí phróiseas dian 'réitigh fadhbanna' grúpa VTS, éiríonn foghlaimeoirí toilteanach agus ábalta a gcuid smaointe féin a chur i láthair, breathnú go domhain, foisrú a dhéanamh go hoscailte, éisteacht go gníomhach, réasúnú i bhfianaise, breithiúnas a chur ar fionraí, dearcthaí éagsúla a bheith acu, agus botúin a chomhtháthú. Nuair a chleachtann éascaitheoirí conas an comhrá a éascú go neodrach seachas é a stiúradh, cruthaíonn siad timpeallacht foghlama a thacaíonn go fóill leis an ngrúpa agus iad ag glacadh freagrachta as débhríocht agus brí il-leibhéil saothar ealaíne a léirmhíniú.

| Breathnú Ciúin | Trí Cheist | Éascaitheoir | Go raibh maith agat |
|---|---|---|---|
| Piarghrúpa<br>Roghnaigh íomhá atá oiriúnach d'aois agus go chéim an ghrúpa | Cad é atá ar siúl sa phictiúr seo?<br>Cad é a fheiceann tú a thugann ort a rá...?<br>Cad é eile is féidir leat/linn a fháil? | Éisteann go gníomhach<br>Díríonn go sonrach ar an réimse atá á phlé<br>Tugann athleagan<br>Fanann neodrach<br>Nascann le tuairimí nó coincheapa roimhe seo | Críochnaigh trí aitheantas a thabhairt do scil a léirigh rannpháirtithe sa phlé |

**Tagairtí Úsáideacha**
https://vtshome.org/about/
https://www.dublincityartsoffice.ie/supporting-communities/programmes-for-children-young-people/visual-thinking-strategies
https://www.permissiontowonder.com/
https://www.lynda.com/Education-k-12-Education-tutorials/Visual-Thinking-Strategies/181465-2.html

@Oide_Art_VisArt
www.oide.ie


| Gné | Míniú |
|---|---|
| **Anailís** | Is ionann saothar ealaíne a anailísiú agus é a cheistiú. An chéad cheist a d'fhéadfaí a chur is ea, "Céard atá ag tarlú sa saothar ealaíne seo?" In iarracht freagra a thabhairt ar an gcéad cheist seo sainaithneoidh an scoláire saintréithe an tsaothair ealaíne bunaithe ar chritéir ar nós: brí, topaicí, móitífeanna, stíleanna, ábhair agus teicnící a úsáideadh, dath, líne, cineálacha cur i láthair, srl. Ach na saintréithe sin a shainaithint, féachfaidh an scoláire ar an saothar ealaíne agus déanfaidh sé cur síos air. Tá sé ag bailiú fianaise chun ceist eile a fhreagairt "Céard a fheicim a thacaíonn lena bhfuil feicthe agam/le mo chur síos?". Ba cheart don scoláire an fhianaise sin a cheangal le foinsí eile faisnéise, agus tacaíocht acu trí ghnéithe an Chreata Amharcstaidéir. … |

Curtha in oiriúint ó Lucas, Claxton agus Spencer, 2013

# Ag Cabhrú le Gnáthaimh Smaointeoireacht

Oide



# Saothar Ealaíne/ Déantán a Anailísiú

Gníomhaíocht:

1. In bhur ngrúpaí, roghnaígí saothar ealaíne/ déantán chun anailís a dhéanamh air
2. Léigí trí na treoracha a tugadh maidir le gnáthaimh smaionteoireachta
3. Úsáidigí an gnáthamh smaointeoireachta chun anailís agus plé a dhéanamh ar an saothar ealaíne/ déantán roghnaithe
4. Déanaigí bhur gcuid smaointe agus tuairimí a bhreacadh síos ar an bpáipéar smeach-chairt A2
5. Ainmígí cainteoir chun tuairisc a thabhairt don ghrúpa









# Saothar Ealaíne/ Déantán a Anailísiú

Oide















# Saothar Ealaíne/ Déantán a Anailísiú





*Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nár cheart féachaint ar Réimse Ábhair 3, Domhan an lae inniu as féin ina aonar agus caithfidh fios a bheith ag an scoláire gur féidir naisc a chruthú le Réimsí Ábhair 1 agus 2, An Eoraip agus an domhan mór agus Éire agus a háit sa domhan mór.*

Sonraíocht Ealaíne na hArdteistiméireachta, l. 31

